Seicliosta Fostóra 3 - Ionduchtú/Seisiún Eolais

Ullmhaíodh na seicliostaí seo chun cabhrú le fostóirí, úinéirí agus bainisteoirí a ngnó a chur faoi lán seoil arís ar bhealach a chabhróidh le leathadh COVID-19 a chosc. Is gá leasú a dhéanamh ar an ionduchtú, nó an seisiún eolais faoin ionad oibre, a thugtar d'fhostaithe nua go hiondúil, ionas go n-áireofar bearta chun leathadh an víris a chosc. Caithfear na hoibrithe ar fad tabhairt faoin ionduchtú COVID-19 sin sula dtosaíonn siad ag obair arís.

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
1.	An bhfuil córas i bhfeidhm agat chun coinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19 agus chun an chomhairle sin a chur in iúl do na hoibrithe?	☐	☐	
2.	An bhfuil foirm COVID-19 um fhilleadh ar an obair chomhlánaithe agat do gach oibrí ag an ionduchtú? (Féach ar an teimpléad don fhoirm um Fhilleadh ar an Obair)	☐	☐	
3.	An bhfuil comharthaí agus siomptóim COVID-19 pléite agat leis na hoibrithe?	☐	☐	
4.	An bhfuil an chaoi a leatar an víreas mínithe agat do na hoibrithe?	☐	☐	
5.	An bhfuil na bearta rialaithe atá i bhfeidhm chun an baol go nochtfaí oibrithe do COVID-19 a laghdú a oiread agus is féidir pléite agat? (Féach ar Sheicliosta 2)	☐	☐	
6.	An bhfuil scaradh fisiciúil, sláinteachas maith lámh agus béasa riospráide taispeánta do na hoibrithe agat?	☐	☐	
7.	An bhfuil eolas tugtha agat do na hoibrithe faoi na grúpaí is mó atá i mbaol agus an bhfuil tú tar éis a iarraidh orthu a rá leat go príobháideach má bhaineann siad le haon cheann de na catagóirí sin?	☐	☐	
8.	An bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe go gcaithfidh siad fanacht sa bhaile má tá siad tinn nó má tá aon siomptóim COVID-19 orthu, agus an bhfuil tú tar éis a dteidlíochtaí má tá siad tinn nó más gá dóibh a bheith ar coraintín a chur in iúl dóibh?	☐	☐	
9.	An bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe céard ba cheart dóibh a dhéanamh agus céard ba cheart a bheith ag súil leis má thagann siomptóim COVID-19 orthu san ionad oibre, cén áit a bhfuil an limistéar leithlisithe ina measc? (Féach ar Sheicliosta 4)	☐	☐	
10.	An bhfuil tú tar éis cuspóir an loga teagmhála COVID-19 san ionad oibre a chur in iúl do na hoibrithe?	☐	☐	

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
11.	An bhfuil aon athruithe ábhartha ar phlean freagartha COVID-19 do ghnó pléite agat? (Féach ar an teimpléad do Phlean Freagartha COVID-19)	☐	☐	
12.	An bhfuil aon nuashonruithe ábhartha (chun an baol go nochtfaí thú féin agus daoine eile do COVID-19 a laghdú a oiread agus is féidir) san áireamh anois i do mheasúnuithe riosca agus ráiteas sábháilteachta?	☐	☐	
13.	An bhfuil eolas faoi athruithe ar do phleananna éigeandála curtha san áireamh agat?	☐	☐	
14.	An bhfuil míniú tugtha agat ar aon athruithe ar nósanna imeachta garchabhrach chun an baol go nochtfaí thú féin agus daoine eile do COVID-19 a laghdú a oiread agus is féidir?	☐	☐	
15.	An bhfuil an tIonadaí nó na hIonadaithe Oibrithe curtha in aithne do na hoibrithe ar fad agat agus an bhfuil tú tar éis a gcuspóir a mhíniú?	☐	☐	
16.	An bhfuil aon uainchláir foirne nua, athrú ar amanna tosaigh/críochnaithe, sceidealú sosanna, etc., mínithe agat?	☐	☐	
17.	An bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe a gcuid lámh a ní sula bhfágann siad an baile agus nuair a shroicheann siad an t-ionad oibre, agus go rialta i rith an lae? (Lgh 10–11)	☐	☐	
18.	An bhfuil sé mínithe do na hoibrithe chomh tábhacht is atá sé gan lámh a leagan ar a n-aghaidh?	☐	☐	
19.	An bhfuil sé mínithe agat go gcaithfidh oibrithe teagmháil fhisiceach le comhoibrithe, custaiméirí nó cuairteoirí a sheachaint?	☐	☐	
20.	An bhfuil sé mínithe agat go gcaithfear réimeas glantacháin a chur i bhfeidhm faoi dhó sa lá ar dhromchlaí a leagtar lámh orthu go minic, ar nós murláin dorais, lasca solais, citeal, meaisíní caife, tóstaer, micreathonnán, doirse cuisneora, etc.?	☐	☐	
21.	An bhfuil sé mínithe agat nár cheart earraí ar nós cupán, buidéal, sceanra, peann, etc., a roinnt?	☐	☐	
22.	An bhfuil earraí glantacháin tugtha agat do gach oibrí, ceirtíní díghalráin ina measc, agus an bhfuil tú tar éis a rá leo a spás oibre féin a ghlanadh faoi dhó sa lá?	☐	☐	

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
23.	An bhfuil an moladh sláinte poiblí faoin uair a chaithfear clúdach aghaidhe a úsáid curtha in iúl do na hoibrithe agat?	☐	☐	
24.	An bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe an taisteal a bhaineann leis an obair a laghdú a oiread agus is féidir agus an bhfuil bealaí curtha ar fáil dóibh chun cruinniú a eagrú ar bhealach eile e.g. ar an bhfón/ar líne seachas duine le duine?	☐	☐	
25.	An bhfuil tú tar éis a rá le hoibrithe taisteal leo féin má tá a gcarranna in úsáid don obair?	☐	☐	
26.	An bhfuil tú tar éis a rá le hoibrithe a chaithfidh feithicil a roinnt clúdach aghaidhe a chaitheamh agus na dromchlaí a dteagmhaítear leo go minic san fheithicil a ghlanadh ag tús agus deireadh gach seala?	☐	☐	
27.	An bhfuil tú tar éis na hoibrithe a chur ar an eolas faoi na tacaí atá ar fáil dóibh má airíonn siad imníoch nó faoi bhrú?	☐	☐	
28.	An bhfuil míniú tugtha agat ar an mbealach ceart le haon PPE a theastaíonn a fheistiú, a úsáid, a bhaint, a ghlanadh, a stóráil agus a dhiúscairt?	☐	☐	
29.	An bhfuil córas i bhfeidhm a chuireann ar chumas na n-oibrithe ceisteanna nó ábhar imní a tharraingt anuas agus a fhreagraíonn dóibh?	☐	☐	
	Eolas Breise			

Ainm: _____ **Síniú:** _____ **Dáta:** _____

Is chun críche oideachais amháin an t-eolas atá sa treoir seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, caillteanais ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhasacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an tseicliosta seo.